# Seachtain Scútáil ar Scoil

Eochairfhocail: feachtas, ar fud na tíre, spreagadh, scútar

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cé atá ag glacadh páirte i Seachtain Scútáil ar Scoil?
2. Cén fáth an maith le hEthan scútáil agus rothaíocht ar scoil?
3. Cén coiste a bhfuil Lily ina ball de?
4. Cén rud is gá do pháistí a chaitheamh agus iad ag scútáil agus ag rothaíocht?

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat an focal ceart a roghnú chun na habairtí seo a chríochnú?**

- Tá sé go maith don timpeallacht dul ar scoil ar an mbus/ar an bus/ar buis.
- Tá scútáil an-sábháilte/an-shábháilte/an-sabhailte.
- Ní mór do gach duine clogaid/clogid/clogad a chaitheamh agus iad ag rothaíocht.
- Tá carranna go dona don dtimpeallacht/don timpeallacht/don thimpeallacht.
- Bí cúramach ag trasnú an bóithre/an mbóthar/an bhóthair.

# Na Freagraí

1. Daltaí i nGaelscoil Charraig Uí Leighin agus daltaí ar fud na tíre
2. Go maith don timpeallacht agus is maith leis dul ar scoil lena chairde
3. Coiste Glas Ghaelscoil Charraig Uí Leighin
4. Clogad

- ar an mbus
- an-sábháilte
- clogad
- don timpeallacht
- ag trasnú an bhóthair

